Conradh na Gaeilge

# Aighneacht

## Forbairt Beartais na Comhairle Ealaíon - Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas

Bealtaine 2022

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Forbairt Beartais  na Comhairle Ealaíon - Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.
Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.
Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.
Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.
Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin.  Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## COINBHINSIÚN NA NÁISIÚIN AONTAITHE UM CHEARTA UM LINBH

- Is ar an bhonn d'Airteagail 2 de Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh atáimid ag cur an aighneacht seo isteach.  Sé sin le rá nach ndéantar idirdhealú ar dhaoine óga ar bhonn teanga, go gcuirtear na seirbhísí céanna ar fáil do dhaoine óga i nGaeilge agus atá ar fáil i mBéarla.
- Freisin is fiú Airteagail 8 a thógáil san áireamh, sin é cumhdach céannacht an linbh a chosaint.  Má tá leanbh ag iarraidh a c(h)eannacht a chur in iúl i nGaeilge ní chóir srian a chur orthu de bharr easpa infheistíochta nó acmhainní.  Tá oidhreacht faoi leith a thagann ó theanga a chruthaíonn féiniúlacht an leanbh, is gá é sin a aithint.
- De réir Airteagail 12 'Cinnteoidh Stát-Pháirtithe go mbeidh fáil ag an leanbh ag a bhfuil an cumas a chuid tuairimí féin nó a cuid tuairimí féin a mhúnlú ar an gceart na tuairimí sin a chur i láthair go hoscailte i ngach gné a bhaineann leis an leanbh, le haird chuí á thabhairt ar thuairimí an linbh i gcomhréir le haois agus le haibíocht an linbh.'  De bharr imeallú na Gaeilge i sochaí na hÉireann níl Airteagail 12 á chomhlíonadh ag Stát-Pháirtithe, níl gach réimse ar fáil do leanbh a thuairimí a chur in iúl.  Is gá iniúchadh sochtheangeolaíochta a dhéanamh chun cinntiú go bhfuil gach réimse ar fáil chun an duine óg a thuairimí a chur in iúl gan bac.

## STRAITÉIS NA COMHAIRLE EALAÍON (2016–2025)

- Luann Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016–2025) 'Tacóimid le lárnacht na n-ealaíon in oideachas foirmiúil ag gach leibhéal agus do sholáthar ardchaighdeáin gairmoiliúna sna healaíona.'  Is gá na scoileanna Gaeltachta, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí a thógáil san

áireamh sa bheartas seo. Caithfear aithint go bhfuil ról faoi leith ag na scoileanna seo ealaíona dúchasach a chaomhnú agus a chur chun cinn i measc daoine óga.

- ‘Oibreoimid leis an Roinn Ealaíon agus leis an Roinn Oideachais chun forfheidhmiú iomlán na Cairte um na hEalaíona san Oideachas a bhaint amach.’ Ba chóir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a thógáil san áireamh anseo chun cinntiú go bhfuil pobal na Gaeilge agus Gaeltachta san áireamh sna cinntí a bheadh tionchar orthu.
- ‘Déanfaimid infheistíocht in ealaíontóirí, in eagraíochtaí ealaíon agus i bpríomhchláir atá tiomanta d’ardchaighdeán saothair in ealaíona san oideachas agus in ealaíona na n-óg a fhorbairt, agus tacóimid le soláthar taithí ealaíon shármhaith do dhaoine óga san fhearann poiblí.’ Is gá iniúchadh sochtheangeolaíochta a dhéanamh chun cinntiú go bhfuil an infheistíocht chéanna ann d’ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus a fheidhmíonn trí Bhéarla. Ba chóir infheistiú a dhéanamh in eagraíochtaí ar nós Oireachtas na Gaeilge, Ealaín na Gaeltachta, Ógras, Feachtas, Cumann na bhFiann, Spleodar agus Óige na Gaeltachta.
- ‘Beidh soláthar do leanaí agus do dhaoine óga mar phríomhfhócas dár gcaidreamh leis an rialtas áitiúil.’ Ba chóir Údarás na Gaeltachta a chur san áireamh anseo.

## PLEAN TRÍ BLIANA 2020 – 2022

- I bPlean Trí Bliana 2020 – 2022 deir sé ‘Leanúint le tionscnamh na Scoileanna Ildánacha a sholáthar agus a chur sa phríomhshruth le linn na dtrí bliana atá romhainn, i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna; an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta; agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.’ Caithfear cinntiú go bhfuil Scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht san áireamh sa tionscnamh seo agus go bhfuil sé curtha ar fáil as Gaeilge.
- ‘Deiseanna forbartha gairmiúla a chruthú d’ealaíontóirí a bhfuil spéis acu a gcuid scileanna a fhorbairt agus a saineolas a roinnt in obair le leanaí, le daoine óga agus le cleachtais atá gníomhach sa phobal.’ Is gá ealaíontóirí a fheidhmíonn trí Ghaeilge a thógáil san áireamh is cuma más na healaíona dúchasach nó na healaíona chomhaimseartha atá i gceist. Caithfear an rogha is leithne a thabhairt do dhaoine óga trí Ghaeilge. Go deimhin ba chóir go mbeidh sé mar sprioc go mbeidh an rogha chéanna ag daoine óga i nGaeilge agus atá i mBéarla.

## MOLTAÍ EILE

- Ba chóir maoiniú do Thaibhdhearc na Gaillimhe, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge a bheith ar chomhchéim d’aon amharclann eile sa stát.
- Ba chóir maoiniú a chur ar fáil chun compántas óige a bhunú i dTaibhdhearc na Gaillimhe.

## CONCLÚID

Ba chóir go mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann seirbhís shásúil a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge óga taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht má chuirtear na moltaí thuas san áireamh.